

RÁITEAS INIÚCHTA

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



**RÁITEAS AIRGEADAIS BHLIANTÚIL INIÚCHTA
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022**

CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
Athbhreithniú Airgeadais	1
Teastas an Phríomhfheidhmeannaigh & an Cheannasaí Airgeadais	3
Tuairim Iniúchta	4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta	5 - 10
Cuntais Airgeadais	
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	11
- Ráiteas ar an Staid Airgeadais	12
- Ráiteas ar Shreabhadh Cistí	13
- Sócmhainní Seasta	14
- Obair idir Lámha agus Réamhchostais	15
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha	16
- Stoic	17
- Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	17
- Creidiúnaithe agus Fabhruithe	17
- Iasachtaí Iníochta (a)	18
- Iasachtaí Iníochta (b)	18
- Taiscí Inaisíochta	18
- Cuntas Caipitlithe	19
- Iarmhéideanna Eile	20
- Anailís ar an gCuntas Caipitil	21
- Seasamh Maoinithe na hIasachta Morgáiste	21
- Achoimre ar an gCuntas Gléasra agus Ábhar	22
- Anailís ar Aistrithe chuig/ó Chúlchistí	22
- Anailís ar Ioncam	22
- Róchaiteachas/Tearc-chaiteachas	23
- Glan-insreabhadh Airgid/(Eis-sreabhadh)	24
- Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	24
- Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	24
- Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta agus Léasa	24
- Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Cúlchiste	25
- Anailís ar Athruithe ar Airgead agus Coibhéisí Airgid	25
- Cuntasafócht le haghaidh Tarscaoileadh /Creidmheas Rátaí in Ionad i ndáil le Rátaí Tráchtála	25
- Cuntasafócht le haghaidh Ghníomhú ar son na hAeráide	25
Aguisíní	
1. Anailís ar Chaiteachais	26
2. Caiteachas agus Ioncam bunaithe ar an Rannán	27 - 34
3. Anailís ar Ioncam ó Dheontais & Fóirdheontais	35
4. Anailís ar Ioncam ó Earraí & Seirbhísí	36
5. Achoimre ar Chaiteachas & Ioncam Caipitil	37
6. Anailís ar Ioncam & Caiteachas ar an gCuntas Caipitil	38
7. Achoimre ar Mhórbhailiúcháin Ioncaim	39
8. Leas Údarás Áitiúil i gCuideachtaí	40

Athbhreithniú Airgeadais

Réamhrá

Is cúis áthais dom Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 a chur i láthair. Tá an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil ullmhaithe de réir an Chóid Cleachtais Chuntasaíochta d'Údaráis Áitiúla. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe agus cuimsítear iontu Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais), Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe), Ráiteas ar Shreabhadh Cistí (Ráiteas Sreafa Cistí), Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus Aguisíní i bhformáidí forordaithe.

Cuntas Ioncaim & Caiteachais

Is ionann an Caiteachas iomlán le haghaidh 2022 atá luaite sa chuntas ioncaim agus €276m, agus ba ionann an t-ioncam a bhí luaite leis an gcuntas agus €319.2m. Is ionann an toradh sochar atá luaite le cuntas ioncaim 2022 agus €393. Nuair a chuirtear an t-iarmhéid sochair isteach san áireamh, léiríonn an Cuntas Ioncaim iarmhéid sochair €15.98m.

Léirítear sa chaiteachas foriomlán an babhta deireanach i R1 de tharscaoileadh rátaí a bhaineann le tacaíochtaí COVID 19. Léiríonn sé freisin an méadú leanúnach ar sheirbhísí ar fud an chontae chomh maith le brúnna boilscithe, go háirithe costais fuinnimh, le linn 2022. Léiríonn an cuntas ioncaim agus caiteachais freisin aistriú caipitil chuig gnéithe dár gclár caipitil uailmhianach a mhaoiniú. Mar atá déanta againn le blianta beaga anuas, táimid ag leanúint ar aghaidh lenár n-iarrachtaí éifeachtaí na rátaí laghdaithe ioncaim a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar gheall ar achomhairc luachála a mhaolú, éifeachtaí atá fós ag eascairt as athluacháil ar fud na tíre atá á déanamh ón 1 Eanáir, 2020.

An Clár Comhardaithe

Áirítear sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (AFS) luachálacha le haghaidh sócmhainní seasta agus cuimsítear ann tithe, talamh, foirgnimh, trealamh, sócmhainní oidhreacht, gléasra agus innealra, gréasáin bóithre agus gné uisce dromchla ár líonra draenála. Tá luach iomlán na sócmhainní seasta atá sonraithe sa chlár comhardaithe ag an 31 Nollaig 2022 cothrom le €3.032bn.

Cuimsíonn caiteachas caipitiúil €179.2m caiteachas caipitiúil thar roinnt réimsí lena n-áirítear tithíocht, bonneagar straitéiseach agus taisteal gníomhach.

Bhí fiacha iomlána na Comhairle de bhua na n-iasachtaí a bhí le híoc ag an 31 Nollaig 2022 cothrom le €288.8m. Bhí an figiúr comhfhreagrach don 31 Nollaig 2021

cothrom le €310m nó laghdú 6.9%. Baineann an laghdú ar iasachtaíocht go príomha le fuascailt morgáiste, fuascailtí iasachta inacmhainne agus praghsála uisce.

Tá tionchar caiteachais iomláin ár gCuntas Ioncaim agus Caiteachais cothrom le €455.3m le haghaidh 2021.

Bailiú Fiach

Tá mionsonraí maidir leis na príomhchuntais bhailiúcháin le fáil in Aguisín 7. Ba iad rátaí tráchtála príomhfhoinsí maoinithe na Comhairle. Bhí an t-ollráta bailithe ráta an-láidir in 2022, 98.3%. Nuair nach gcuirtear éifeacht an tarscaoilte rátaí san áireamh bhí an ráta bailithe iomláin cothrom le 98.1%.

Dearcadh Airgeadais

Bhí staid airgeadais fhoriomláin na Comhairle réasúnta seasmhach i rith 2022, tráth a raibh an tír ag déileáil deireadh na héifeachtaí geilleagracha a bhain le COVID 19, éagobhsaíocht idirnáisiúnta agus brú boilscithe méadaithe. De réir agus a bhogaimid ar aghaidh trí 2023, leanfaimid ar aghaidh le staid airgeadais na Comhairle a athbhreithniú sa chomhthéacs seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne na baill foirne ar fad chun na cuntais deiridh seo a ullmhú.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach
31 Márta 2023

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Teastas an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Ceannasaí Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

- 1.1 Táimid, an Príomhfheidhmeannach agus an ceannasaí Airgeadais, freagrach as ráiteas airgeadais bhliantúil a ullmhú de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi Alt 107 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001.
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a chuireann a chumas a áirithiú go bhfuil na ceanglais reachtúla a gcomhlíonadh ag na ráitis airgeadais atá ullmhaithe.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an chomhlachta an údaráis áitiúil a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Nuair a bhíonn ráitis airgeadais a n-ullmhú, cuirimid an méid seo a leanas san áireamh:-
 - sonraítear go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta agus go bhfuil na beartais chuntasaíochta curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach; agus,
 - breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, atá le fáil idir leathanach 5 agus 24, ag comhaontú leis na leabhair chuntais agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir na gceanglas cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Príomhfheidhmeannach



Dáta 31 Márta 2023

Ceannasaí Airgeadais



Dáta 31 Márta 2023

Tuairim an Iniúcháir Neamhspleách do Bhaill Chomhairle Contae Fhine Gall

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 mar atá leagtha amach ar leathanaigh 5 go 24, ar a bhfuil an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus Nótaí leis agus mar chuid de na Cuntais. Is e an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus e á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta mar atá forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúcháir Rialtais Áitiúil

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as gach taifead cuntasaíochta a chothabháil lena n-áirítear ullmhú an Ráitis Airgeadais Bhliantúil. Tá sé de fhreagracht ormsa, bunaithe ar m'iniúchadh, tuairim neamhspleách a dhéanamh ar an ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú duit.

Scóip an iniúchta ar an ráiteas airgeadais

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid um Chleachtadh Iniúcháireachta, mar a fhorordaítear faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sa ráiteas airgeadais bliantúil. Cuimsíonn sé measúnú freisin ar na meastacháin agus na breithnithe suntasacha a rinneadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle, curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochtaithe go leordhóthanach.


Phleanáil agus rinne mé m'iniúchadh d'fhonn an t-eolas agus na mínithe go léir a fhail a mheas mé a bhí riachtanach d'fhonn fianaise leordhóthanach a sholáthar chun dearbhu réasúnta a thabhairt go bhfuil an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó earraid ba chúis leis.

Tuairim ar an ráiteas airgeadais

Is é mo thuairim go gcuireann an ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh de réir an Chóid Chleachtais agus na Rialachán Cuntasaíochta d'udarais áitiúla, staid airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall i láthair go cothrom an 31 Nollaig 2022 agus a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar chríoch ansin.

Tuarascáil iniúchta Reachtúil

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúchta ghaolmhar freisin dá bhforáiltear in Alt 120(1) (c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



Daragh Mc Mahon
Príomhiniúcháir

Dáta: 25/09/23

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir an Chóid Chleachtais Cuntasaíochta (ACoP) maidir le cuntasaíocht údaráis áitiúil, arna athbhreithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an 31 Nollaig 2022. Ní mór neamhchomhlíonadh leis na beartais chuntasaíochta atá luaite in ACoP a shonrú sna Beartais agus Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.

2. Ráiteas ar Shreabhadh Cistí (Ráiteas Sreafa Cistí)

Bunaíodh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí mar chuid de AFS 2011. Ainneoin gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, ní hionann an gnó a dhéanann údaráis áitiúla agus an gnó a dhéanann formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, tá comhaontú déanta maidir le roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena áirithiú go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil. Chuige sin, ‘Ráiteas ar Shreabhadh Cistí’ a thugtar ar an ráiteas. Anois cuimsítear sna cuntais airgeadais Ráiteas ar Shreabhadh Cistí a thaispeántar i ndiaidh an Ráitis ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nóta 17 – 22 leis an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus taispeántar iad sna Nótaí maidir le agus ar chuid de rannóg Cuntas AFS iad. Tá sonraí le fáil i Nóta 19 maidir le hiarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Inacmhainne/Deonacha, agus d'fhéadfadh gur iarmhéid dochair nó sochair a bheadh i gceist. Glactar leis sa sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus bunaítear an tuairisc ar (Méadú)/Laghdú air seo.

3. Fabhrúithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncain agus chaipitil ar bhonn fabhrúithe de réir an Chóid Cleachtais.

4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí iníoctha a roinnt sa dá chatagóir seo a leanas:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáiste

Iasachtaí nach mbaineann le Morgáiste

Tá sruth ioncain chomhfhreagraigh ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó airleacain fhadtéarmacha (i.e. airgead tugtha ar iasacht ag an údarás áitiúil d'iasachtaithe), chun tithe a cheannach. Ní mhuirearaítear ná ní chuirtear ach an ghné úis chun sochair an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncain & Caiteachais).

4.2 Iasachtaí nach bhaineann le Morgáiste

Sonraítear i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais na cineálacha iasachtaíochta faoi cheannteideal seo. I ndáil le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, ní bheidh sruth ioncaim chomhfhreagraigh ag maoiniú ioncaim. Amach anseo, glacfar le maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan. Beidh luach comhfhreagrach sonraithe i Nóta 3 le haghaidh iasachtaí a bhaineann le ceanteidil eile. Tá costas aisíocaíochta iasachta na príomhiasachta agus an úis arna mhaoiniú tríd an bpróiseas buiséid bhliantúil. Ag deireadh na bliana airgeadais, aistrítear gné mhaoinithe na príomhiasachta agus fritháirítear í i gcoinne cúlchiste aisíocaíochta iasachta. Áirítear an t-aistriú seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntas Ioncaim & Caiteachais) faoin gceanteideal ‘aistrithe ó/chuig cúlchistí’.

5. Pinsin

Muirearaítear íocaíochtaí a bhaineann le pinsin agus aiscí chuig an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Cuimsítear i gcostas tuarastal agus pána sna cuntais asbhaintí a bhaineann le sochair ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”) ar an 1 Eanáir 2013. Tá na húdaráis áitiúla ag leanúint le ranníocaíochtaí fostaí a asbhaint don Scéim Aonair ach íoctar iad ar bhonn lárnach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá breithniú fós á dhéanamh ar cheanglais na gcaighdeán cuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus a gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs na cuntasaíochta údaráis áitiúil.

6. Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí Eile

Déantar caiteachas ar sheirbhísí curtha ar fáil nó curtha i gcrích thar ceann údarás áitiúil eile a fhorchúiteamh ag costas nó de réir comhaontuithe sonracha.

7. Árachas

Tá an Chomhairle féinárachaithe go suntasach i réimsí an árachais dliteanais phoiblí agus fostóra. Tá barrachas luach €254,000 agus €127,000 faoi seach luaite leis na polasaithe seo. Tá foráil leanúnach á déanamh sa bhuiséad ioncaim do chostas na n-éileamh. Ina theannta sin, tá ciste árachais bunaithe ar bhonn infheistíochta seachas ar bhonn achtúireach. Táimid sásta go mbeidh an ciste árachais oiriúnach chun freastal ar aon dliteanais reatha a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

8. Foráil do Dhrochfhiacha & d'Fhiacha Amhrasacha

Tá foráil déanta sna cuntais ábhartha do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha. Chomh maith leis sin, tá foráil déanta againn le haghaidh aon iasachtaí nach bhfuil clúdaithe faoin bPróiseas um Réiteach Riaráiste Morgáiste.

9. Sócmhainní Seasta

9.1 Rangú Sócmhainní

Rangaítear sócmhainní seasta sna catagóirí atá sonraithe sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá tuilleadh miondealaithe bunaithe ar an gcineál sócmhainne le fáil i Nóta 1 a ghabhann leis na cuntais.

9.2 Aitheantas

Déantar an caiteachas ar fad a bhaineann le héadáil nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhráithe. Cuirfear sócmhainní seasta atá tógtha ag forbróirí in ionad a ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil curtha san áireamh inár sócmhainní seasta cheana féin, san áireamh inár bpróiseas athluachála sócmhainní seasta.

9.3 Tomhas

Cuimsíodh Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina raibh sócmhainní uile an údaráis áitiúil sonraithe sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil le haghaidh 2003 den chéad uair. Luacháladh na sócmhainní seo bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá gach sócmhainn ceannaithe nó tógtha amháil ón 1/1/2004 curtha san áireamh ag costas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad na ráitis airgeadais amach anseo. Tá luacháil Tithíocht Údaráis Áitiúil á déanamh chun críche AFS amháin agus níor cheart brath uirthi le haghaidh aon chríche eile. Glacadh leis go raibh luach nialasach luaite le gach spás oscailte ag an 31/12/03. Glacadh le gach áit súgartha ar a gcostas ón 1/1/04. Sonraítear glanluach inréadaithe spásanna uaigheanna arb ionann é agus a bpraghas díola.

9.4 Athluacháil Sócmhainní Seasta

Mar atá sonraithe in athbhreithniú ar an gCód Cleachtas Cuntasaíochta, is é an nós atá ann sócmhainní seasta a thaispeáint ar a gcostas. I láthair na huaire, níl costais chothabhála agus feabhsaithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair san áireamh i sócmhainní seasta ach déanfar athbhreithniú amach anseo. Mar gheall ar a nádúr fisiciúil, baineann formhór na sócmhainní leis na húdaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Déantar cuntas ar aon chaillteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe aon sócmhainní ginearálta fágtha atá faoi réir diúscartha, a chuntas tráth na diúscartha.

9.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam chun sochair cúlchiste sonracha a chuirtear chun feidhme nuair a bhíonn sócmhainní nua á gceannach. Tá fáltas a bhaineann le díol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm de réir threoir na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

9.6 Dímheas

Faoin modh cuntasaíochta reatha, tá an muirear le haghaidh dímheas fritháirithe ag amúchadh fhoinsí maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais agus, dá bharr sin, ní chuirtear an muirear le haghaidh dímheasa agus an sochar comhfhreagrach, ó amúchadh san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

Seo a leanas na beartais atá le cur i bhfeidhm i ndáil le sócmhainní faoi réir dímheasa:

Cineál Sócmhainne	Bunús	Ráta Dímheasa
Innealra agus Gléasra		
• Saol Fada	Méid Cothrom	10%
• Saol Gearr	Méid Cothrom	20%
Trealamh	Méid Cothrom	20%
Troscán	Méid Cothrom	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Neamhní
Leabhair Leabharlainne		Neamhní
Clóis súgartha	Méid Cothrom	20%
Páirceanna	Méid Cothrom	2%
Láithreáin Líonta Talún (*Féach an Nóta)		
Sócmhainní Uisce		
• Scéimeanna Uisce Méid	Méid Cothrom	Saolré Sócmhainne 70 Bliain
• Scéimeanna Draenála	Méid Cothrom	Saolré Sócmhainne 50 Bliain

Ní mhuirearaíonn an Chomhairle dímheas i rith na bliana diúscartha agus muirearóidh sí bliain iomlán dímheasa sa bhliain éadála.

*** Tá luach an láithreáin líonta talún curtha san áireamh i Nóta 1 faoi thalamh. Is éard atá i gceist le dímheas ídiú na sócmhainne líonta talún.**

10. Deontais Rialtais

Déantar cuntas ar dheontais Rialtais ar bhonn fabhráithe. Cuirtear deontais a fhaightear chun íoc as oibríochtaí laethúla chun sochair don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncainm & Caiteachais). Taispeántar deontais a fhaightear, a bhaineann le tógáil sócmhainní, mar chuid den ioncam a bhaineann le hobair ar siúl. Nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích, aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe.

11. Féichiúnaithe Forbartha & Ioncam

Tá féichiúnaithe tobhach forbartha gearrthéarmacha san áireamh i Nóta 5. Iarchuirtear ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil dlite le hÍoc laistigh den bhliain reatha agus ní nochtar a leithéid sna ráitis airgeadais ina n-aonar.

Taispeántar airgead a bhaineann le ranníocaíocht forbartha bailithe in 2022 atá dlite d'Uisce Éireann in 2022 mar chreidiúnaí.

Ní chuimsítear gach tobhach Alt 49 ach mar éarlaisí in-aisíochta de bhrí go bhfuil an chomhairle ag feidhmiú mar ghníomhaí don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

12. Fuascailt Fiach

Cuirtear na fáiltais ó iasachtaí a bheith á bhfuascailt go luath ag iasachtaithe i bhfeidhm i ndáil le fuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó HFA.

13. Scéimeanna Léasa

Muirearaítear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin chuig an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Áirítear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais i sócmhainní seasta. Taispeántar an méid atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha. Úsáid modh shuim na ndigití chun gach léas a ríomh.

14. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn meánchostais.

15. Obair Idir Lámha & Réamhchaiteachas

Is éard atá i gceist le hobair idir lámha agus réamhchaiteachas costas stairiúil carntha na dtionscadal éagsúil a bhaineann le caipiteal. Taispeántar an t-ioncam fabhráithe i ndáil leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam WIP'.

16. Páirtithe Gaolmhara

Is éard atá i gceist le hidirbheart páirtí ghaolmhair acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí a aistriú idir údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Áirítear i measc na bpríomhpháirtithe gaolmhara atá ag údarás áitiúil:

- i. Lucht Bainistíochta agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí den Chomhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle agus príomhphearsanra Údaráis Áitiúil faoi cheangal faoi na hailt ábhartha d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus reachtaíocht leasaitheach eile:

A. Dearbhú bliantúil maidir le 'leasanna is gá a fhógairt' atá sonraithe in alt 175 den Acht a thíolacadh;

B. Aon leasanna tairbhiúla, faoi alt 167, 178 agus 179, atá acu féin nó ag duine bainteach leo; agus

Cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi alt 169 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 in 2004 a leanúint.

Áirítear i 'leasanna is gá a fhógairt' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile cosúil le talamh etc. Tá tuarastal agus luach saothair lucht bainistíochta agus pearsanra údaráis áitiúil á gcinneadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir bheartas rialtais láir maidir le rátaí pá. Tá leasanna an Údaráis Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair á nochtadh in Aguisín 8 leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá idirbhearta Údaráis Áitiúil le ranna rialtais á rialú ag rialuithe agus nósanna imeachta rialtais láir atá bunaithe ar rialacha cuntasáíochta rialtais.

17. Leas i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá sonraí na gcuideachtaí a bhfuil leas ag an gComhairle iontu liostaithe in Aguisí

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

(RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH

AN 31 NOLLAIG 2022

Tugtar le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gcuntas ioncaim. Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain. Leithdháileann Nóta 16 aistrihe de réir an rannáin seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

		Ollchaiteach as 2022 €	Ioncam 2022 €	Glanchaitea chas 2022 €	Ghlanchaitea chas 2021 €
Caiteachas de réir an Rannáin	Nótaí				
Tithíocht agus Togáil		79,934,862	84,028,141	(4,093,280)	(1,598,021)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		34,235,143	9,684,149	24,550,994	20,299,698
Seirbhísí Uisce		17,261,184	19,353,548	(2,092,364)	(6,660,380)
Bainistíocht Forbartha		24,259,274	7,495,298	16,763,975	14,212,082
Seirbhísí Comhshaoil		45,289,429	10,187,381	35,102,047	36,567,150
Áineas & Conláistí		49,984,433	4,191,423	45,793,011	37,743,912
Talmhaíocht Oideachas, Sláinte & Leas		1,245,320	478,311	767,008	655,751
Seirbhísí Ilghnéitheacha		23,828,175	23,816,379	11,796	(4,400,154)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	<u>276,037,820</u>	<u>159,234,632</u>		
Glanchostas Rannáin le maoiniú ó Rátaí agus ó Cháin Mhaoine Áitiúil				116,803,188 96,820,037	
Rátaí				151,293,793	149,291,077
Cáin Mhaoine Áitiúil				8,698,895	7,503,957
Barrachas/(easnamh) don Bhliain roimh Aistrihe				<u>43,189,500</u>	<u>59,974,997</u>
Aistrihe ó/(chuig) Cúlchistí	14			(43,189,108)	(59,974,864)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain	16			<u>393</u>	<u>133</u>
Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir				15,979,812	15,979,679
Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig				<u>15,980,204</u>	<u>15,979,812</u>

**RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AG AN 31 NOLLAIG
2022**

	Nótaí	2022 €	2021 €
Sócmhainní Seasta			
Oibríochtaí		1,463,233,189	1,454,712,425
Bonneagar		1,159,631,876	1,163,673,065
Pobal		103,257,960	103,592,062
Neamh-Oibríochta		305,980,160	267,218,825
		3,032,103,185	2,989,196,377
Obair idir Lámha agus Réamhchostais			
	2	113,260,149	80,761,249
Féichiúnaithe Fadtéarmacha			
	3	300,403,084	293,939,594
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	587,836	558,276
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	72,077,880	71,600,874
Infheistíochtaí Bainc		396,214,369	368,990,180
Airgead sa Bhanc		13,543,266	23,149,014
Airgead ar Iompar		2,091,845	312,300
		484,515,197	464,610,643
Dlíteanais Reatha			
Rótharraingt Bhainc			
Creidiúnaithe & Fabhrúithe	6	157,647,528	148,411,602
Léasanna Airgeadais		872,423	839,338
		158,519,951	149,250,940
(Glandlíteanais)/Glansócmhainní Reatha		325,995,246	315,359,703
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	272,287,597	291,725,598
Léasanna Airgeadais		1,389,771	1,119,009
Taiscí In-aisíoctha	8	49,382,278	43,477,273
Eile		103,121,793	88,027,397
		426,181,440	424,349,276
(Glandlíteanais)/Glansócmhainní		3,345,580,224	3,254,907,647
Ionadaithe ag			
Caipitliú	9	3,032,103,185	2,989,196,377
Ioncam WIP	2	106,031,705	68,319,658
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		15,980,204	15,979,812
Cúlchistí Sonracha Eile			
Iarmhéideanna Eile	10	191,465,130	181,411,800
Cúlchistí Iomlána		3,345,580,224	3,254,907,647

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID (RÁITEAS SREAFA CISTÍ)
AMHAIL AG AN 31 NOLLAIG 2022

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM		2022	2022
	Nótaí	€	€
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17		8,729,753
 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL			
Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais			
Méadú/(Laghú) ar Mhaoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		42,906,808	
Méadú/(Laghú) ar WIP/Réamh-mhaoiniú		37,712,046	
Méadú/(Laghú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	18	7,924,783	
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais		<hr/>	88,543,638
 Caiteachas Caipitil & Infheistíocht Airgeadais			
(Méadú)/Laghú ar Shócmhainní Seasta		(42,906,808)	
(Méadú)/Laghú ar WIP/Réamh-mhaoiniú		(32,498,900)	
(Méadú)/Laghú ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	(9,532,767)	
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais		<hr/>	(84,938,475)
 Maoiniú			
Méadú/(Laghú) ar Mhaoiniú Iasachta & Léasa	20	(10,503,246)	
(Méadú)/Laghú ar Mhaoiniú Cúlchiste	21	11,661,313	
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		<hr/>	1,158,067
 Sealúchais Tríú Páirtí			
Méadú/(Laghú) ar Thaiscí In-aisíochta			5,905,005
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	22		<hr/> <hr/> 19,397,988

1. Sócmhainní Seasta	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra & Innealra (Saol Fada agus Saol Gearr)	Ríomhairí, Troscán agus Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Líonra Uisce agus Séarachais	lomlán
Costais										
Costais Charntha ag an 1 Eanáir	298,770,712	27,770,899	1,198,773,341	309,159,538	14,775,915	1,433,833	1,099,130	1,081,406,466	202,059,449	3,135,249,283
Breiseanna - Ceannaithe	37,054,695		9,880,708	4,882,551	1,650,051	105,155				53,573,159
Breiseanna - Aistriú WIP										
Diúscairt/Aistrithe Reachtúla	(2,576,611)		(2,172,246)		(830,977)					(5,579,833)
Athluacháil										
Coigeartú Costas Stairiúil										
Costais Charntha 31/12/2022	333,248,796	27,770,899	1,206,481,803	314,042,088	15,594,989	1,538,988	1,099,130	1,081,406,466	202,059,449	3,183,242,609
Dímheas										
Dímheas Carntha ag an 1 Eanáir		15,670,044		121,695	8,698,077	1,118,108		120,444,983		146,052,907
Soláthar don bhliain		334,101			1,265,279	153,380		4,041,189		5,793,950
Diúscairt/Aistrithe Reachtúla					(707,432)					(707,432)
Dímheas Carntha 31/12/2022		16,004,145		121,695	9,255,925	1,271,488		124,486,172		151,139,424
Glanluach de réir na Leabhar ar an 31/12/2022	333,248,796	11,766,754	1,206,481,803	313,920,394	6,339,065	267,499	1,099,130	1,081,406,466	77,573,277	3,032,103,185
Glanluach de réir na Leabhar ag 31/12/2021	298,770,712	12,100,855	1,198,773,341	309,037,843	6,077,838	315,725	1,099,130	1,081,406,466	81,614,466	2,989,196,377
Glanluach de réir na Leabhar bunaithe ar Chatagóir										
Oibriochtúil	41,061,292		1,206,481,803	209,083,529	6,339,065	267,499				1,463,233,189
Bonneagar	652,133							1,081,406,466	77,573,277	1,159,631,876
Pobal		11,766,754		90,509,276			981,930			103,257,960
Neamh-Oibriúcháin	291,535,371			14,327,589			117,200			305,980,160
Glanluach de réir na Leabhar ar an 31/12/2022	333,248,796	11,766,754	1,206,481,803	313,920,394	6,339,065	267,499	1,099,130	1,081,406,466	77,573,277	3,032,103,185

2. Obair Idir Lámha agus Réamhchostais

Tá achoimre le fáil thíos ar obair atá ar siúl agus réamhchaiteachas bunaithe ar an gcatagóir sócmhainne:

	Maoinithe	Neamh- mhaoinithe	Iomlán	Iomlán
	2022	2022	2022	2021
	€	€	€	€
<u>Caiteachas</u>				
Réamhchostais	37,831,901	67,576,658	105,408,559	73,527,900
Obair Idir Lámha	7,851,591	-	7,851,591	7,233,350
Caiteachas Iomlán	45,683,491	67,576,658	113,260,149	80,761,249
<u>Ioncam</u>				
Réamhchostais	42,393,611	56,072,860	98,466,472	61,385,410
Obair Idir Lámha	7,565,233		7,565,233	6,934,248
Ioncam Iomlán	49,958,844	56,072,860	106,031,705	68,319,658
<u>Méid Glan Caite</u>				
Obair Idir Lámha	286,357		286,357	299,101
Réamhchostais	(4,561,710)	11,503,797	6,942,087	12,142,490
Róchaiteachas// (Tearchaiteachas) Glan	(4,275,353)	11,503,797	7,228,444	12,441,591

3. Féichiúnaithe Fadtéarmacha

Tá miondealú ar na féichiúnaithe fadtéarmacha le fáil thíos:

	2022	2022	2022	2022	2022	2022	2021
	Iarmhéid @ 01/01/2022	Iasachtaí Eisithe	Tráthchodann a	Luath Fuascailtí	Eile Coigeartuithe	Iarmhéid @ 31 Nollaig 2022	Iarmhéid @ 31/12/2021
	€	€	€	€	€	€	€
Réamhfócaíochtaí Morgáiste Fadtéarmacha *	138,775,398	11,820,950	(8,679,136)	(2,363,958)	(842,454)	138,710,800	138,775,398
Airleacain Ceannaigh ag Tionóntaí	96,764		(111,043)	(159,619)	259,413	85,515	96,764
Cothromas Cíosa Úinéireachta Roinnte	2,911,895			11,877	(268,585)	2,655,187	2,911,895
	141,784,056	11,820,950	(8,790,179)	(2,511,700)	(851,626)	141,451,502	141,784,056
Réamhfócaíochtaí Iasachta Forchúitithe						68,381,031	75,286,434
Saoráid Réamhléasaithe Caipitil						103,121,793	88,027,397
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Airgead							
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Cuideachtaí Comhlachaithe						2	124,464
Eile							
						312,954,328	305,222,351
Lúide: An Chuid Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 5)						(12,551,244)	(11,282,757)
Méideanna iomlána dlite i ndiaidh bliain amháin						300,403,084,293,939,594	

* Iasachtaí gníomhaireachta HFA san áireamh

4. Stoic

	2022	2021
	€	€
Stórtha Lárnacha	60,582	60,582
Iostaí Eile	527,254	497,694
Iomlán	587,836	558,276

Tá achoimre ar stoc le fáil thíos:

5. Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí

Tá miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí le fáil thíos:

	2022	2021
	€	€
Féichiúnaithe Rialtais	16,440,634	22,216,776
Féichiúnaithe Tráchtála	12,164,033	13,243,977
Féichiúnaithe Neamhtráchtála	10,451,136	9,266,855
Féichiúnaithe Ranníocaíochtaí Forbartha	60,273,226	61,242,962
Seirbhísí Eile	397,739	255,116
Údaráis Áitiúla Eile	5,775,140	4,291,073
Na Coimisinéirí Ioncaim		
Eile		
An Chuid Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 3)	12,551,244	11,282,757
Féichiúnaithe Comblána Iomlána	118,053,153	121,799,516
Lúide: Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach	(51,178,516)	(52,107,191)
Féichiúnaithe Trádála Iomlána	66,874,637	69,692,325
Réamhíocaíochtaí	5,203,242	1,908,548
Iomlán	72,077,880	71,600,874

6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

Tá miondealú ar chreidiúnaithe agus fabhruithe le fáil thíos:

	2022	2021
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	12,715,399	12,222,949
Deontais	468,695	342,860
Na Coimisinéirí Ioncaim	4,483,200	4,561,061
Údaráis Áitiúla Eile	231,234	56,984
Creidiúnaithe Eile	256,933	276,366
	18,155,461	17,460,221
Fabhruithe	84,166,737	70,101,675
Ioncam Iarchurtha	38,833,446	42,526,333
An Chuid Reatha d'Iasachtaí Iníoctha (Nóta 7)	16,491,884	18,323,373
Iomlán	157,647,528	148,411,602

7. Iasachtaí Iníoctha

(a) Gluaiseacht in Iasachtaí Iníoctha

	2022 HFA	2022 OOP	2022 Eile	2022 Iomlán	2021 Iomlán
	€	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh	291,786,954		18,262,017	310,048,971	327,479,289
Iasachtaíocht	12,019,650			12,019,650	6,781,850
Aisíocaíocht Príomhshuime	(15,275,065)		(2,663,649)	(17,938,714)	(18,594,695)
Luathfhuascailtí	(13,125,140)		(1,885,226)	(15,010,365)	(5,617,473)
Coigeartuithe Eile	(340,060)			(340,060)	
	275,066,339		13,713,143	288,779,481	310,048,971
Lúide: An Chuid Reatha d'Iasachtaí Iníoctha				16,491,884	18,323,373
Méideanna iomlána dlite i ndiaidh bliain amháin				272,287,597	291,725,598

(b) Cur i bhfeidhm Iasachtaí

Tá anailís ar iasachtaí iníoctha le fáil thíos:

Morgáiste

Iasachtaí Morgáiste *	134,102,841		134,102,841	136,089,413
Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste				
Sócmhainní/Deontais	28,916,222	6,837,607	35,753,829	40,333,445
Maoiniú Ioncaim				
Maoiniú Idirlinne	46,784,880		46,784,880	54,306,136
Inchúitithe	61,505,494	6,875,536	68,381,030	75,286,434
Cothromas Cíosa Úinéireachta Roinnte	3,756,902		3,756,902	4,033,544
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	275,066,339	13,713,143	288,779,481	310,048,971
Lúide: An Chuid Reatha d'Iasachtaí Iníoctha			16,491,884	18,323,373
Méideanna iomlána dlite i ndiaidh bliain amháin			272,287,597	291,725,598

* Lena n-áirítear Iasachtaí Gníomhaireachta HFA

8. Taisc In-aisíoctha

Tá eolas le fáil thíos maidir le gluaiseacht taisc in-aisíoctha:

	2022	2021
	€	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1 Eanáir	43,477,273	37,230,913
Taisc faighte	7,720,639	11,100,037
Taisc aisíoctha	(1,815,634)	(4,853,677)
Iarmhéid Deiridh ag an 31 Nollaig	49,382,278	43,477,273

Nóta: Áirítear Taisc In-aisíoctha Gearrthéarmacha mar chuid de na hInfheistíochtaí Airgid ar an gClár Comhardaithe

9. Cuntas Caipitlithe

Léirítear maoiniú na sócmhainní sa chuntas caipitlithe mar seo a leanas:

	2022	2022	2022	2022	2022	2022	2022	2021
	Iarmhéid @ 01/01/2022	Ceannaithe	Aistrithe WIP	Diúscairtí/ T/Fanna Reachtúla	Athluacháil	Costas Stairiúil Coigeartuithe	Iarmhéid @ 31/12/2022	Iarmhéid @ 31/12/2021
	€	€	€	€	€	€	€	€
Deontais	619,637,703	15,208,664				(224,786)	634,621,581	619,637,703
Iasachtaí	163,091,058						163,091,058	163,091,058
Ioncam Maoinithe	14,904,037	116,471		(58,208)			14,962,301	14,904,037
Léasanna	11,127,065	1,364,866		(635,697)			11,856,234	11,127,065
Ranníocaíochtaí Forbartha	92,270,672						92,270,672	92,270,672
Blianachtaí Ceannaigh ag Tionóntaí								
Neamh-mhaoinithe	133,020,551	34,942,235		(2,271,611)			165,691,176	133,020,551
Stairiúil	2,064,609,980	1,667,054		(334,000)		(1,947,460)	2,063,995,575	2,064,609,980
Eile	36,588,216	273,869		(108,072)			36,754,013	36,588,216
Maoiniú Comhlán Iomlán	3,135,249,283	53,573,159		(3,407,588)		(2,172,246)	3,183,242,609	3,135,249,283
Lúide: Amúchta							(151,139,424)	(146,052,907)
Iomlán*							3,032,103,185	2,989,196,377

* De réir nóta 1

10. Iarmhéideanna Eile

Tá miondealú ar na hiarmhéideanna eile le fáil thíos:

Nótaí	2022 Iarmhéid @ 01/01/2022 €	2022 * Athaicmiú Caipitil €	2022 Caiteachas €	2022 Ioncam €	2022 Aistrithe Glana €	2022 Iarmhéid @ 31/12/2022 €	2021 Iarmhéid @ 31/12/2022 €	
Iarmhéideanna Ranníocaíochtaí Forbartha	(i)	179,499,832		13,854,527	52,531,808	(33,609,422)	184,567,691	179,499,832
